

13680/24

LIMITE

JUR 456
INST 331
COUR 49

NÓTA

ó:	Rúnaíocht Chomhdháil Ionadaithe Rialtais na mBallstát
chuig:	Comhdháil Ionadaithe Rialtais na mBallstát
Ábhar:	Glacadh cinntí Ionadaithe Rialtais na mBallstát maidir le ceapacháin don Chúirt Bhreithiúnais agus don Chúirt Ghinearálta

I. Ceapachán chomhaltaí na Cúirte Breithiúnais

- I litir dar dháta an 5 Aibreán 2023¹, chuir Uachtarán na Cúirte Breithiúnais in iúl d'Uachtarán Chomhdháil Ionadaithe Rialtais na mBallstát go rachadh téarma oifige 13 Bhreitheamh agus 5 Abhcóide Ghinearálta den Chúirt Bhreithiúnais in éag an 6 Deireadh Fómhair 2024.
- Ina fhianaise sin:
 - mhol Rialtas Phoblacht na hOstaire go n-athcheapfaí Andreas Kumin² mar Bhreitheamh den Chúirt Bhreithiúnais;

¹ 8325/23
² 13255/24

- mhol rialtas Phoblacht na hIodáile Andrea Biondi³ do chéad téarma oifige mar Abhcóide Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais tar éis do Giovanni PITRUZZELLA, a ceapadh ina Abhcóide Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais le Cinneadh (AE) 2023/2508 ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, éirí as oifig⁴.

Na ceapacháin sin thuas, is le haghaidh téarma oifige a mhairfidh ón 7 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2030 atá siad.

3. Tar éis do Bhreitheamh de Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, arna cheapadh ar mholadh ó Rialtas Ríocht na Danmhairge, éirí as oifig le héifeacht ón 7 Deireadh Fómhair 2024⁵, níor mhór do rialtas na tíre sin iarrthóir a mholadh don phost mar Bhreitheamh den Chúirt Bhreithiúnais ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 6 Deireadh Fómhair 2027. Ina fhianaise sin, mhol Rialtas Ríocht na Danmhairge Niels Fenger⁶ mar Bhreitheamh den Chúirt Bhreithiúnais.
4. De bhun na chéad mhíre d’Airteagal 253, arna léamh i gcomhar leis an gcéad mhír d’Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, déanfaidh Rialtais na mBallstát de thoil a chéile – tar éis dóibh dul i gcomhairle le painéal a cuireadh ar bun chun tuairim a thabhairt ar oiriúnacht na n-iarrthóirí chun feidhmeanna Breithimh nó Abhcóide Ghinearálta den Chúirt Bhreithiúnais a fheidhmiú – Breithimh agus Abhcóidí Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais a cheapadh as a measc siúd nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil acu na cáilíochtaí is gá chun a gceaptha do na hoifigí breithiúnacha is airde ina dtír féin faoi seach nó ar dlí-eolaithe iad a n-aithnítear a n-inniúlacht.

³ 13340/24

⁴ Cinneadh (AE) 2023/2508 ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát an 8 Samhain 2023 lena gceaptar beirt Bhreithiúna agus Abhcóide Ginearálta amháin den Chúirt Bhreithiúnais (IO L, 10.11.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2508/io>)

⁵ 13883/23

⁶ 13339/24

5. Thug an painéal dá bhforáiltear in Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tuairim fhabhrach uaidh ar oiriúnacht na n-iarrthóirí thuasluaite chun feidhmeanna Breithimh agus Abhcóide Ghinearálta den Chúirt Bhreithiúnais a fheidhmiú. I gcomhréir leis an dara mír de phointe 8 de rialacha oibriúcháin an phainéil dá bhforáiltear in Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2010/124/AE ón gComhairle an 25 Feabhra 2010⁷, seoladh na tuairimí thuasluaite ar aghaidh chuig Ionadaithe Rialtais na mBallstát.

II. Comhaltaí den Chúirt Ghinearálta a cheapadh

6. I litir dar dháta an 26 Márta 2021⁸, chuir Uachtarán na Cúirte Ginearálta in iúl d'Uachtarán Chomhdháil Ionadaithe Rialtais na mBallstát go rachadh téarma oifige 26 Bhreitheamh in éag an 31 Lúnasa 2022.
7. Ina fhianaise sin, mhol Rialtas Phoblacht na Slóvaice go ndéanfaí athnuachan ar théarma oifige Juraj Schwarcz⁹.
- Baineann an togra sin le ceapachán do théarma oifige a rachaidh in éag an 31 Lúnasa 2028.
8. De bhreis air sin, i litir dar dháta an 29 Feabhra 2024¹⁰, chuir Uachtarán na Cúirte Ginearálta in iúl d'Uachtarán Chomhdháil Ionadaithe Rialtais na mBallstát go rachadh téarma oifige 26 Bhreitheamh in éag an 31 Lúnasa 2025.
9. Ina fhianaise sin, mhol Rialtas na hÉireann Suzanne Kingston agus Colm Mac Eochaidh, agus mhol Rialtas Ríocht na Spáinne go ndéanfaí athnuachan ar théarmaí oifige José Martín y Pérez De Nanclares agus Miguel Sampol Pucurull¹¹.

⁷ IO L 50, 27.2.2010, lch. 18.

⁸ 7540/21

⁹ 13254/24

¹⁰ 7373/24

¹¹ 13246/24, 13249/24, 13251/24, 13252/24

Na ceapacháin sin thuas, is le haghaidh téarma oifige a mhairfidh ón 1 Meán Fómhair 2025 go dtí an 31 Lúnasa 2031 atá siad.

10. Ina theannta sin, ceapadh Breitheamh den Chúirt Ghinearálta, arna cheapadh ar mholadh ó Rialtas Phoblacht na Fraince, ina Bhreitheamh den Chúirt Bhreithiúnais don tréimhse ón 7 Deireadh Fómhair 2024¹². Níor mhór, dá bhrí sin, do na tíortha sin iarrthóir a mholadh don phost mar Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige an Bhreithimh a bheidh ag scor, dar críoch an 31 Lúnasa 2025. Ina fhianaise sin, mhol Poblacht na Fraince Hervé Cassagnabère¹³ mar Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta.
11. Ar deireadh, ceapadh Breitheamh den Chúirt Ghinearálta, arna cheapadh ar mholadh ó Rialtas Ard-Diúcacht Lucsamburg, ina Abhcóide Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais don tréimhse ón 7 Deireadh Fómhair 2024¹⁴. Níor mhór, dá bhrí sin, do na tíortha sin iarrthóir a mholadh don phost mar Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige an Bhreithimh a bheidh ag scor, dar críoch an 31 Lúnasa 2028. Ina fhianaise sin, mhol Ard-Diúcacht Lucsamburg Raphaël Meyer¹⁵ mar Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta.
12. De bhun an dara mír d’Airteagal 254, arna léamh i gcomhar leis an gcéad mhír d’Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, déanfaidh Rialtais na mBallstát de thoil a chéile – tar éis dóibh dul i gcomhairle le painéal a cuireadh ar bun chun tuairim a thabhairt ar oiriúnacht na n-iarrthóirí chun feidhmeanna Breithimh agus Abhcóide Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais a fheidhmiú – Abhcóidí Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais a cheapadh as a measc siúd nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil acu na cáilíochtaí is gá chun a gceaptha do na hoifigí breithiúnacha is airde ina dtír féin faoi seach nó ar dlí-eolaithe iad a n-aithnítear a n-inniúlacht.

¹² IO L, 2024/1036, 3.4.2024

¹³ 13319/24

¹⁴ IO L, 2024/1036, 3.4.2024

¹⁵ 13320/24

13. Thug an painéal dá bhforáiltear in Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tuairim fhabhrach uaidh ar oiriúnacht na n-iarrthóirí thuasluaite chun feidhmeanna Breithimh den Chúirt Ghinearálta a fheidhmiú. I gcomhréir leis an dara mír de phointe 8 de rialacha oibriúcháin an phainéil dá bhforáiltear in Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2010/124/AE ón gComhairle an 25 Feabhra 2010, seoladh na tuairimí thuasluaite ar aghaidh chuig Ionadaithe Rialtais na mBallstát.

III. Comhdháil Ionadaithe Rialtais na mBallstát

17. Le nóta faisnéise ón 13 Meán Fómhair 2024¹⁶ ó Rúnaíocht Chomhdháil Ionadaithe Rialtais na mBallstát, cuireadh Buanionadaithe na mBallstát ar an eolas faoi chomóradh Chomhdháil Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ar imeall an chruinnithe a bheidh ag Coreper an 2 Deireadh Fómhair 2024, d'fhonn na tuairimí sin a scrúdú agus na cinntí iomchuí a dhéanamh.
18. Dá réir sin, d'fhéadfadh Comhdháil Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag an gcruinniú a bheidh aici an 2 Deireadh Fómhair 2024, an cinneadh lena gceaptar Andreas Kumin agus Niels Fenger ina mBreithiúna den Chúirt Bhreithiúnais agus Andrea Biondi ina Abhcóide Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais a ghlacadh, mar a leagtar amach in 12660/24 é. D'fhéadfadh Comhdháil Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag an gcruinniú a bheidh aici an 2 Deireadh Fómhair 2024, an cinneadh a ghlacadh freisin lena gceaptar Juraj Schwarcz, Suzanne Kingston, Colm Mac Eochaidh, José Martín y Pérez De Nanclares, Miguel Sampol Pucurull, Hervé Cassagnabère agus Raphaël Meyer ina mBreithiúna den Chúirt Ghinearálta, mar a leagtar amach in 12659/24 é.
19. D'fhéadfadh Comhdháil Ionadaithe Rialtais na mBallstát miontuairiscí ó Chomhdháil Ionadaithe Rialtais na mBallstát a bhí ann roimhe seo an 3 Iúil 2024, mar a leagtar amach in 12064/1/24 iad, a fhorghabh freisin.

¹⁶ 13358/24